Ainm:

Mo

# Thuras Forbairt Scileanna

sa Teicneolaíocht Adhmaid



Machnamh ar na scileanna, teicnící agus gnéithe den obair chúrsa a mbím ag plé leo sa Teicneolaíocht Adhmaid

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Machnamh ar na scileanna, teicnící agus gnéithe den obair chúrsa a mbím ag plé leo sa Teicneolaíocht Adhmaid

Sa Teicneolaíocht Adhmaid rachaidh tú i dtaithí ar chuid mhór scileanna nua agus foghlaimeoidh tú iad. Déanfaidh tú iniúchadh ar úsáid adhmaid trí mheán an dearaidh agus úsáidfidh tú é chun do chuid smaointe dearaidh a thabhairt chun beatha. Bain úsáid as an dialann seo chun machnamh a dhéanamh ar do dhul chun cinn ar fud do Thuras Foghlama sa Teicneolaíocht Adhmaid.

**Is cuid thábhachtach den fhoghlaim é an machnamh mar go gcabhraíonn sé leat:**

- a bheith níos feasaí ar an eolas agus ar na scileanna atá forbartha agat
- láidreachtaí agus réimsí le forbairt a shainaithint
- plean gníomhaíochta a fhorbairt don fhoghlaim amach anseo
- tuiscint níos fearr a bheith agat ort féin agus ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn tú
- níos mó freagracht a ghlacadh as do chuid foghlama
- do chuid scileanna smaointeoireacht chriticiúil agus réitigh fadhbanna a fhorbairt
- a bheith i d’fhoghlaimeoir níos fearr ní hamháin trí bheith ag 'déanamh', ach freisin trí bheith ‘ag smaoineamh ar an méid a rinne tú, agus conas a rinne tú é' - smaoineamh ar thasc a rinne tú go han-mhaith, nó botún nó earráid a rinne tú agus an méid a d'fhoghlaim tú ó cheachtar acu sin.

**Conas a thaifeadfainn an machnamh a dhéanaim ar mo chuid foghlama**

De réir mar a dhéanann tú machnamh ar d'fhoghlaim, tá sé tábhachtach go dtaifeadann tú do chuid smaointeoireachta trí cibé meáin is fearr a oibríonn duit. B'fhéidir gur mhaith leat sceitsí nó pictiúir den scil nó den tasc a bhfuil tú ag obair orthu a chur san áireamh chun do chuid smaointeoireachta a mhíniú. Tá sé tábhachtach do chuid machnamh go léir a choinneáil in aon áit amháin ionas gur féidir leat an dul chun cinn agat a sheiceáil agus a rianú. B'fhéidir gur mhaith leat iris scríofa, taifeadtaí físe, vlag, OneNote nó aon mheáin chuí eile a úsáid.

Bealaí féideartha a léireoinn agus a roinnfinn an machnamh ar mo chuid foghlama



Íomhánna a chur i láthair agus mo chuid tuairimí leo



Taispeántas sleamhnán de mo phríomhphoint



Tuairisc nó Loga Foghlama



Nó aon mheáin chuí eile

Agus tú ag machnamh ar do chuid foghlama, iarrtar ort machnamh a dhéanamh ar do dhul chun cinn sa scil seo.
Ba chóir duit machnamh a dhéanamh ar na critéir ratha don tasc atá idir lámha, aiseolas múinteoirí agus aon réamh-mhachnamh chun anailís a dhéanamh ar do dhul chun cinn sa scil seo.

## Gnéithe den obair chúrsa

Úsáid an spás chun na scileanna / teicnící atá foghlamtha agat trí obair chúrsa s'agat sa Teicneolaíocht Adhmaid a liostú nó a thaifeadadh. Cuir síos aon scileanna / teicnící / gnéithe eile den obair chúrsa a d'fhoghlaim tú nó a bhfuil taithí agat orthu sa Teicneolaíocht Adhmaid.

### Scileanna lámhcheardaíochta

- Tomhas agus marcáil amach
- sábhadh
- barrlomadh
- plánáil
- cóimeáil

### Scileanna deartha

### Scileanna pleanála tionscadail

### Uirlisí meaisín & uirlisí cumhachta

### Taighde a dhéanamh

### Obair a chur i láthair

### Scileanna míncheardaíochta

### Sceitseáil & líníocht

### Bailchríoch dheiridh

**Gné don obair chúrsa:**

| **Cad é?** | **Cad é faoi?** | **Cad é anois?** |
|---|---|---|
| Cad é a d'fhoghlaim mé? | Cad é a insíonn sé seo dom faoi mo chuid láidreachtaí agus réimsí le feabhsú sa scil seo? | Cad é is féidir liom a dhéanamh chun feabhas a chur ar an scil seo? Cad iad mo spriocanna agus m'aidhmeanna chun bogadh ar aghaidh? |

**Tionscadal:**

**Scil:**

**Pictiúr/Sceitse:**

Cad é?...

Cad é faoi?...

Cad é anois?...

**Tionscadal:**

**Scil:**

**Pictiúr/Sceitse:**

Cad é?...

Cad é faoi?...

Cad é anois?...

**Tionscadal**

**Scil:**

**Pictiúr/Sceitse:**

Cad é?...

Cad é faoi?...

Cad é anois?...

# Anailís a dhéanamh ar mo dhul chun cinn

Roghnaigh gné don obair chúrsa a ndearna tú machnamh uirthi. Smaoinigh ar do thuras foghlama chun an réimse scileanna a fhorbairt laistigh den chuid seo de d'obair chúrsa. Féach siar ar do chuid machnaimh ar na scileanna seo agus bain úsáid as na ceisteanna chun anailís a dhéanamh ar do dhul chun cinn agus do chuid smaointe a thaifeadadh.

## Mo ghné don obair chúrsa

## Ag breathnú siar

- Cad iad mo láidreachtaí sna scileanna a aimsíodh?
- Cad iad na dúshláin a bhí romham agus na scileanna seo á bhforbairt agam?
- Cad iad na céimeanna a thóg mé chun na dúshláin sin a shárú?

## Anois ... Ag an tráth seo

- An bhfuil dul chun cinn á dhéanamh agam? An bhfuil mo chuid scileanna ag forbairt? Má tá, conas agus mura bhfuil, cén fáth?
- Cén t-aiseolas agus comhairle a fuair mé? Ar chabhraigh an t-aiseolas seo le mo chuid scileanna a fhorbairt? Má chabhraigh, conas agus murar chabhraigh, cén fáth?

## Ag breathnú chun cinn

- Cad é is gá dom a fheabhsú i mo chuid obair chúrsa agus i mo scileanna?
- Cad iad na céimeanna a d'fhéadfainn a thógáil chuige sin?